

SÉAMUS GHIOLLA AGUS BOB GHIOLLA.

Giolla Mac Dhonnachadha dreatháir do Sheán Shéamuis a a ghearr an cábla, tháinig sé go Ruisín na mBan Aoidheach agus chuir sé faoi ann. Phós Giolla Bairbre Nic Chonfaola bhí seanchus agus sgéalta aice seo. Ní raibh seanchaidhe sa tír ab fhearr ná í. Bhí sé tugtha suas dí nach raibh seanchus sa tír le trí chéad bliain nach raibh aice. Chuala mé féin í. Sí a d'innis dom cé mharbhuigh Tadhg na Buile agus faoi'n bhfear a bhí ar Oileán a Bhalla ar Loch na Scainimh. Is uaithe seo a thóg mo mháthair cuid de na sgéalta a bhí aice féin. Bairbre Ghiolla a bhí uirthi.

Tá cnocáinín Bhairbre Ghiolla ar an áit a raibh a teach i naice an mhúrlaigh, bhí an teach ar an taobh ó dheas den bhóthar ar an taobh thoir de theach na mná rialta. Bhí clann aca triúr mac agus ingean. Feichín Giolla, Máirtín Ghiolla, Séamus Ghiolla agus Bob Ghiolla (an ingean) dfhan Séamus Ghiolla agus an dreithiúir sa mbaile.

Bhí an fear a bhí ina thighearna talamh ar Ruisín na mBan Aoidheach bhí sé ina chomhnaidhe san Lodge ar an taobh thiar de theach na mban-rialta. Bhí sé ina Thighearna ar Shéamus Ghiolla. Coirnéal airm a bhí ann Coirnéal Forbes. Ní raibh sé féin ná Séamus Ghiolla ag tarraingt le chéile. Bhí sé le Séamus a chuir as an áit. Rinne Bob an dreathúir rinne sí culaidh de sheol baid do Shéamus cukaidh de sheol dubh chuir sí ríbiní geala air agus adharca reithe ar a cheann. Bhí an-chóir ar a cloigeann aice. Ghléas Séamus é féin ina chulaidh gaisge agus tháinig sé go dtí an Lodge san oidhche .

Ghabh sé isteach agus ghabh sé suas an staidhre san áit a raibh an Coirnéal ina leabh. Bhí cloch ghlas ag Séamus agus bhuaile sé an Coirnéal den chloch agus is beag nár mharbhuigh sé. An bhean aimsire chual sí an Coirnéal a béiceadh agus chuaidh sí suas. Shíl Séamus gí raibh an Coirnéal marbh aige agus ghabh sé amach tríd an fhuinneog. Bhain sé de an chulaidh bréige agus na hadharca agus chuir sé faoi bhéal leice ar an gcladach iad agus ghabh sé abhaile. Gabhadh é an lár n-a bhárach. Cúisigheadh é agus thug an Coirnéal fiadhnaise ina aghaidh .

Dubhairt an Coirnéal leis an mbreithimh gan mórán príosúntach a chur air ach chuir sé seacht mbliana ar Shéamus. Ní chuala mé go dtáinig sé abhaile ariamh ina dhiadh sin. San am céadna cuireadh stábla leis an gCoirnéal tré theine agus mionnuigheadh ar Bhob gurb í a rinne é. Cúisigheadh í agus tugadh cúig bliana dí. Tháinig sise abhaile. Tá sí le le cúig bliana déag is fiche i mBéal Áth na Sluaighadh cailleadh í coigcís ó shoinn. Bhí sí ina bean mhaith oibre i mBéal Átha na Sluaighheadh ag cur caoi ar éadaigh bhí sí stuamadh.

Crnéal Forbes ní raibh fear ar bith a bhfearr ná é dá mbeadh aon chomhairle a dhul air. Ba Caitiliceach a mháthair agus ba Caitiliceach é féin is a dhreatháir an Major. D'fág an Cornéal

an dúthaigh ag an Major, dfág an Major ag na Mná Rialta é. Sé an fáth ar fhágadar an dúthaigh ag na Mná Rialta ar fhaitchios go mbeadh creideamh gallda dá thabhairt isteach i Ruisín na mBan Aoidheach.